

# 19. Siúlóid sna Sléibhte


**A Léigh an scéal.**



Lá breá brothallach a bhí ann.
Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Chuaigh grúpa ar siúlóid sna sléibhte i gCill Mhantáin an tseachtain seo caite. Bhí fiche páiste sa ghrúpa. Bhí seisear ceannaire in éineacht leo.



Ar aghaidh leo ag meán lae.
Shiúil siad ar chosán.
Bhí mála droma ag gach duine.
Ar a haon a chlog, bhí siad leath slí suas an sliabh. Bhí tart orthu agus bhí siad ag cur allais.
Shuigh siad síos faoi chrann mór leathan ar feadh tamaill. Bhí tart orthu agus d'ól siad deoch uisce.



Ansin, lean siad orthu ag siúl.
Shroich siad barr an tsléibhe ar a trí a chlog.
Bhí picnic dheas acu agus thosaigh siad ag canadh. Ansin, d'imir siad cluiche peile.
Bhí an-spórt acu.
Ar a sé a chlog, bhailigh gach éinne an bruscar. Chuir siad an bruscar go léir i málaí bruscair. Ansin, thosaigh siad ag siúl abhaile.

Bhí an ghrian ag dul faoi.
Ar an mbealach anuas, bhí tuirse ar Dhónal agus shuigh sé síos ar feadh tamaill.
Thosaigh ceo ag titim agus bhí sé ag éirí fuar.
Nuair a sheas Dónal suas, bhí an grúpa imithe.
Ghlaoigh sé ar a chairde ach níor chuala siad é. Bhí sé i gcruachás.





Leis sin, chuala Dónal toirneach sa spéir agus thosaigh sé ag stealladh báistí.
Bhí sé fliuch go craiceann.
Ansin, las tintreach an spéir.
Bhí eagla an domhain ar Dhónal.
Fuair sé fothain faoi charraig mhór.
Bhí sé ag crith leis an bhfuacht.
Thóg sé amach an fón póca agus chuir sé glaoch ar Chiara.



Chuala Ciara an fón póca ag glaoch.
Nuair a chuala sí Dónal ag caint thug sí an fón póca don cheannaire.
Dúirt an ceannaire le Dónal fanacht faoin gcarraig.
Tar éis uair an chloig d'imigh an ceo.



Go tobann, chuala Dónal beirt cheannaire ag glaoch air.
Bhí áthas air nuair a chonaic sé iad.
Thug siad cupán tae dó. Bhí sé slán.

## B Cúpla ceist

1. Cén saghas lae a bhí ann?

   ______________________________

2. Cá ndeachaigh an grúpa ag siúl?

   ______________________________

3. Cé mhéad ceannaire a bhí sa ghrúpa?

   ______________________________

4. Cá raibh siad ar a haon a chlog?

   ______________________________

5. Cár shuigh siad síos?

   ______________________________

6. Cathain a shroich siad barr an tsléibhe?

   ______________________________

7. Cén fáth a raibh Dónal fliuch go craiceann?

   ______________________________

8. Ar chuir Dónal glaoch ar Dhaidí?

   ______________________________

9. Céard a dúirt an ceannaire le Dónal?

   ______________________________

10. An raibh brón ar Dhónal nuair a chonaic sé an bheirt cheannaire?

   ______________________________

## C Líon na bearnaí.

Dhúisigh Shroich D'ól Thosaigh Bhailigh Ghlaoigh

1. ____________ na páistí ag imirt cluiche peile sa pháirc.





2. ____________ an tseanbhean gloine bhainne ar maidin.

3. ____________ an príomhoide ar na tuismitheoirí inné.





4. ____________ bean an phoist go moch ar maidin.

5. ____________ an garda barr an tsléibhe ar a cúig a chlog.





6. ____________ an múinteoir na bláthanna sa choill.